


Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ na hÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH 2016	4	CUNTAIS INIÚCHTA	21
Réamhrá	5	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	22
An bord, coistí agus fochoistí	6	Clár Comhardaithe	23
<i>Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán</i>	6	Ráiteas ar Athruithe i nGnáthscaireanna	24
<i>Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana</i>	7	Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	25
Foireann	7		
Seirbhísí	7	NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	26
<i>'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ</i>	8	1. Faisnéis ghinearálta	26
Tionscadal Leabhar Suirbhé agus Dáilte	8	<i>Ráiteas ar chomhlíonadh</i>	26
Foilseacháin	9	2. Beartais chuntasaíochta	26
<i>Reform treatises on Tudor Ireland, 1537–1599</i>	9	2.1. <i>Bunús an ullmhúcháin</i>	26
<i>The acts of James II's Irish parliament of 1689</i>	9	2.2. <i>Ioncam</i>	26
<i>Analecta Hibernica, no. 47</i>	9	2.3. <i>Ionstraimí airgeadais</i>	26
<i>Eoin MacNeill: memoir of a revolutionary scholar</i>	9	2.4. <i>Ainm na cuideachta</i>	26
Pleanáil do 2017	10	2.5. <i>Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímbheas</i>	26
Seoltaí	10	2.6. <i>Stoc</i>	26
Airgeadas	11	2.7. <i>Pinsin</i>	27
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha,		2.8. <i>Seirbhísí cíosa</i>	27
Tuaithe agus Gaeltachta	11	2.9. <i>Cánachas</i>	27
Conclúid	11	2.10. <i>Deontais rialtais</i>	27
		3. Breithiúnais agus príomhfhoinní	
EOLAS AR AN gCUIDEACHTA	12	na neamhchinnteachta meastacháin	27
		<i>Gnóthas leantach</i>	27
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	14	<i>Luacháil stoic</i>	27
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó		<i>Bronntanais seirbhíse cíosa</i>	27
agus forbairt sa todhchaí	15	4. Ioncam	27
Príomhghníomhaíochtaí	15	5. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta,	
Athbhreithniú gnó	15	Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	27
Forbairt sa todhchaí	15	6. Glanioncam/(Glancaiteachas) don bhliain	28
Torthaí	15	7. Fostaithe	28
Taighde agus forbairt	15	8. Sócmhainní inláimhsithe	28
Staid cúrsaí	15	9. Costais phinsin	29
Na Stiúirthóirí agus an Rúnaí agus a leasanna	16	10. Stoic	29
Ranníocaíochtaí polaitíochta	16	11. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh	
Freagrachtaí na Stiúirthóirí	16	de bhliain amháin	29
Na leabhair chuntais	17	12. Airgead sa bhanc agus ar láimh	29
Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí	17	13. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh	
Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta	17	de bhliain amháin	30
Iniúcháirí	17	14. Ioncam iarchurtha	30
		15. Ionstraimí airgeadais	30
TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH NA nINIÚCHÓIRÍ	18	16. Cúlchistí	30
Freagrachtaí na Stiúirthóirí		17. Réiteach ar gluaiseachtaí i gcistí	31
agus na nIniúcháirí faoi seach	19	18. Ranníocaíocht chaipitil	31
Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais	19	19. Idirbhearta páirtithe gaolmhara	31
Tuairim ar na ráitis airgeadais	19	20. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht	
Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú		bainistíochta	31
de réir Acht na gCuideachtaí 2014	20	21. Páirtí rialaithe deiridh	31
Ábhair a cheanglaítear orainn		22. Faomhadh na ráiteas airgeadais	31
a thuairisciú trí heisceacht	20		
		TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE	
		hÉIFEACHTACHT FUINNIMH 2016	32
		Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh sa bhliain 2016	32
		Feidhmíocht fuinnimh	32

Tuarascáil an Chathaoirligh



Réamhrá

Ba é W. T. Cosgrave, Uachtarán na Comhairle Feidhmiúcháin, a chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ar bun sa bhliain 1928. Corpraíodh an Coimisiún mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta an 24 Eanáir 2006.



Ó bhunú an Choimisiúin, tá sé mar phríomhchúram air foinsí príomha – idir chinn atá faoi úinéireacht phoiblí agus chinn atá faoi úinéireacht phríobháideach – a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn ar son stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Sa *Phlean Forbartha Straitéisí, 2012–2016*, uaidh, dhearbhaigh an Coimisiún arís eile go bhféachann sé le comhairle a chur ar an Rialtas chun bonn eolais a chur faoin mbeartas a bhaineann le cúram a thabhairt d’ábhair foinsí príomha atá riachtanach do scéal na hÉireann a thuiscint agus do stair na tíre a scríobh agus faoin mbeartas a bhaineann leis na hábhair sin a chaomhnú agus a scaipeadh in Éirinn agus ar fud an domhain araon.

Déantar ionadaíocht do CLÉ ar ghrúpa stiúrtha **Acmhainn Chartlainne na hÉireann** (ACE, www.iar.ie), ar seirbhís ar líne í atá ar fáil saor in aisce agus lena gcumasaítear do chartlanna ar fud na hÉireann a dtuairiscí bailiúcháin atá i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta Ginearálta um Thuairisc Chartlainne (ISAD(G)) a uaslódáil ar thairseach Ghréasáin. Cosúil le seirbhís A2A sa Ríocht Aontaithe, is féidir le húsáideoirí thairseach ACE bailiúcháin chartlainne Éireannacha a chuardach ar fud cuid mhór stórtha difriúla. Bíonn tionchar ACE ag méadú i gcónaí.

Tá an Coimisiún ag glacadh páirt in **Oíche an Chultúir** ón mbliain 2008 i leith. Le linn na hoíche sin, tugtar deis an-luachmhar do chomhaltaí CLÉ bualadh leis an bpobal agus forbhreathnú a thabhairt dó ar an obair a dhéanann CLÉ agus ar an dóigh a gcuireann sé leis an saol cultúrtha in Éirinn. Dé hAoine an 16 Meán Fómhair 2016, tugadh deis do chuirteoirí ar 45 Cearnóg Mhuirfean éisteacht le sraith gearrchainteanna maisithe ar obair an Choimisiúin, amharc ar thaispeántas foilseachán agus dul i gcomhairle le comhaltaí CLÉ, lena áiríodh mé féin, Louis Cullen, Máire Mac Conghail, Mary O’Dowd agus Dáibhí Ó Cróinín. Bhíomar ar fáil ar an oíche chun ceisteanna a fhreagairt faoi eagrán CLÉ d’fhoinsí príomha agus comhairle a thabhairt maidir leis na gnéithe éagsúla de chaomhnú agus de choinneáil taifead.

Is í an tOllamh Mary O’Dowd (Scoil na Staire, na hAntraipeolaíochta, na Fealsúnachta agus na Polaitíochta, Ollscoil na Ríona, Baile Átha Cliath) a thug na gearrléachtaí ar obair an Choimisiúin. Idir na léachtaí sin, thug an Dr Brian Hughes (Ollscoil Mhá Nuad) léachtaí a bhí bunaithe ar an bhfoilseachán nua uaidh do CLÉ. Bhain an foilseachán sin le cuimhní cinn Eoin Mhic Néill, bunaitheoir agus uachtarán Óglaigh na hÉireann, an tAire Oideachas i gcéad rialtas an tSaorstáit agus cathaoirleach ar Choimisiún nuabhunaithe Lámhscríbhinní na hÉireann ón mbliain 1928 go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1945.

Ba mhór againn go léir a bhí i láthair ar Oíche an Chultúir misean agus obair CLÉ a leagan amach don iomad cuairteoirí ar léir go raibh an-spéis acu inár dtaispeántas. Bhí an-tóir ann ar roinn na bhfoilseachán meánaoiseach arís eile sa bhliain, agus bhí an tOllamh Dáibhí Ó Cróinín (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) ar fáil chun tábhacht na ndoiciméad Paitríoch i bhfacsamhail Leabhar Ard Mhacha agus ársaíocht agus tábhacht Leabhar Uí Máine a mhíniú. Cuireadh spéis mhór i roinn leathnaithe an ghinealais ar an oíche, agus bhí Máire Mac Conghail agus Mary O’Dowd, comhaltaí CLÉ, i láthair chun ceisteanna a fhreagairt faoi na foinsí ginealais a bhí ar taispeánt. Thug Oíche an Chultúir deis dúinn arís eile cur chun cinn a dhéanamh ar bhileog faisnéise CLÉ maidir le caomhnú taifead. Tá an bhileog dírithe ar dhaoine aonair príobháideacha a bhfuil spéis acu ina dtáifid teaghlaigh a chaomhnú agus orthu sin atá ag smaoinemh faoi cad ba cheart dóibh a dhéanamh lena dtáifid teaghlaigh. Tugadh deis dúinn lena linn feasacht a mhéadú ar Eagrán Dhigiteacha CLÉ freisin — tá cur síos níos mine ann ar na hEagrán sin sa rannán Seirbhísí thíos (*Eagrán Dhigiteacha*, lch 8).



An bord, coistí agus fochoistí

Tagann comhaltaí CLÉ ón saol acadúil agus ó fhorais chultúir ar fud na hÉireann. I dtús na bliana 2016, bhí 20 comhalta is stiúrthóir ann de Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Bhí triúr comhaltaí oinigh ann freisin. I mí Aibreáin 2016, d'éirigh Maggie Smith Uas., Stiúrthóir Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI), as a ról mar chomhalta de bhrí oifige den Choimisiún tar éis di ardú céime a fháil laistigh de sheirbhís phoiblí Thuaisceart Éireann. Ba mhaith liom buíochas croíúil a ghabháil le Maggie Smith as a tiomantas d'obair an Choimisiúin le linn le linn a tréimhse ceapacháin, agus aird ar leith á tabhairt ar an rannchuidiú a rinne sí le linn di óstáil a dhéanamh ar chuairt an Choimisiúin ar PRONI i mí Mheán Fómhair 2014. Ceapadh an Dr Michael Willis, Stiúrthóir PRONI, mar chomhalta de bhrí oifige i mí na Samhna. Ba mhór an pléisiúr dom fáilte a chur roimhe go dtí an Coimisiún nuair a d'fhreastail sé ar a chéad chruinniú i mí na Samhna.

Bhí bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta den 20 comhalta seo a leanas an 31 Nollaig 2016: James McGuire (Cathaoirleach), an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Nicholas Canny, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Sandra Collins, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Chris Flynn, iarbhall foirne de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid maidir le Beartas Eachtrach na hÉireann, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Institiúid Mhichíl Uí Chléirigh agus Scoil na Staire, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; John McDonough, Cartlann Náisiúnta na hÉireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Donal Moore, iar-Chartlannaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, Ollscoil Mhá Nuad; Dáibhí Ó Cróinín, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Michael Willis, Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Tá na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí oinigh den Choimisiún: An tOllamh Francis J. Byrne, an tOllamh Louis Cullen agus an Dr Brian Trainor.

Bhí cúig ghnáthchruinniú ag an gCoimisiún sa bhliain 2016 agus tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil an 22 Feabhra.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, suífidh beirt chomhaltaí ar a laghad de CLÉ ar an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta. I mí Eanáir 2016, shuigh Máire Mac Conghail, Jane Ohlmeyer agus Deirdre McMahon ar an gComhairle thar ceann CLÉ. Chuaigh a dtéarma oifige in éag i mí Feabhra 2016.

Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is é feidhm an bhuanchoiste seo tograí foilseacháin a athbhreithniú de réir critéir shocraithe agus moltaí a dhéanamh de réir mar is cuí don Choimisiún ar fad. Tá sé de dhualgas air faireachán a dhéanamh ar thionscadail foilsithe reatha freisin. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán sa bhliain 2016: James McGuire (Cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Cróinín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer. Tháinig an Coiste le chéile trí huair sa bhliain 2016 chun tograí a cheadú agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ar thionscadail foilsithe. Bhí 38 dtionscadal den sórt sin ar siúl amhail an 31 Nollaig 2016.

Coiste Caomhnaíthe agus Feasachta Rochtana

Foráladh sa phlean forbartha straitéisí don tréimhse 2012–2016 do Choiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain a cheapadh. Is éard a thagann faoi shainchúram an Choiste idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí reachtúla agus deonacha a bhfuil an dearcadh céanna acu agus atá againn féin (lena n-áirítear Cartlann Náisiúnta na hÉireann; cartlannaithe cathrach agus contae; an Cumann Cartlann agus Taifead, Éire; agus Grúpa Cartlannaithe na nÚdarás Áitiúil) agus, nuair is féidir, feachtais chomhpháirteacha feasachta a chumadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt. Is í Máire Mac Conghail Cathaoirleach an Choiste.

Le linn na bliana 2016, tháinig an Coiste le chéile ar dhá ócáid agus thug sé faoi dhá thionscnamh feasachta a bhain le caomhnú taifead tábhachtach agus le rochtain ar thaifid tábhachtacha. Maidir le caomhnú clárleabhar agus leabhar rolla, sheol an Coiste litreacha amach chuig gach príomhoide bunscoile inar cuireadh i gcumhne dóibh go bhfuil freagracht orthu as na taifid sin a chaomhnú agus inar moladh bealaí ina bhféadfaidís na cláir a chaomhnú san fhadtéarma. Bhain an dara tionscnamh le rochtain ar thaifid stairiúla Choimisiún na dTalún. Scríobh Cathaoirleach an Choiste chuig an Uas. Michael Creed, an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, á iarraidh air rochtain níos fearr a cheadú ar na taifid sin, atá á gcoinneáil i bPort Laoise faoi láthair.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le comhaltaí an Choiste as an rannchuidiú a rinne siad sa bhliain 2016. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le Cathaoirleach an Choiste as an tiomantas a thaispeáin sí d'fheasacht a mhéadú ar shaincheisteanna caomhnaíthe agus ar an ngá a bhíonn ann le bheith airdeallach i gcónaí i gcásanna ina mbíonn taifid i mbaol nó ina ndíúltaítear rochtain orthu. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste amhail mí na Nollag 2016: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Nicholas Canny, Michael Kennedy, John McCafferty, Deirdre McMahon, Donal Moore, Dáibhí Ó Cróinín agus Mary O'Dowd.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún. Ceapadh an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, i mí Iúil 2006. Cuireann Judith Francis Uas. agus an Dr Melinda Lyons cúnaimh riaracháin ar fáil ar bhonn conartha i gcomhair seirbhísí.

Seirbhísí

Mar a tugadh faoi deara i dtuarascálacha roimhe seo, faigheann oifig CLÉ glaonna teileafóin agus ceisteanna ríomhphoist ó gach cuid den domhan. Bainistítear na glaonna agus na ceisteanna sin faoi théarmaí ár gCairte Custaiméirí. Soláthraítear roinnt seirbhísí d'úsáideoirí ar shuíomh Gréasáin CLÉ. Ar an suíomh, is féidir foilseacháin CLÉ a cheannach; cóipeanna digitithe inchuardaithe a fháil de shaothair CLÉ atá as cló; tograí foilseacháin a chur isteach ar líne; agus comhaid PDF a íoslódáil chun teacht ar an gcatálog leabhar is déanaí, ar thuarascálacha bliantúla, ar phleananna forbartha straitéisí agus ar dhoiciméid bheartais de chuid CLÉ. Déanann CLÉ athbhreithniú ar dhearadh a shuíomh Ghréasáin ar bhonn rialta ar mhaithe le soláthar na seirbhísí sin a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Le linn na bliana 2016, mhéadaigh CLÉ a chuid gníomhaíochta sna meáin shóisialta. Tháinig méadú ar an líon leantóirí atá ag CLÉ ar Twitter agus ar a chuid gníomhaíochta ar Facebook arís eile sa bhliain freisin. Tá súil agam go leanfaidh CLÉ sna blianta atá romhainn le dul i bhfeidhm ar phobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus go bhfreagróidh sé don éileamh atá ann ar mhodhanna nua a úsáid chun feasacht a mhúscailt ar fhoilseacháin CLÉ agus ar mhórobair an Choimisiúin i ndáil le caomhnú taifead araon.





Chuir CLÉ fógraí i raon leathan foilseachán clóite le linn na bliana 2016. Leanadh le fógraí a chur i ngach eagrán de *History Ireland* agus den iris athchóirithe *Books Ireland*. Cuireadh fógraí sa *Family Directory* ó Fhondúireacht Staire Uladh agus i bhfoilseacháin na Fondúireachta le linn a turas ginealais go Stáit Aontaithe Mheiriceá freisin. Tá na nithe sin ar fad ina ngné lárnach den obair a dhéantar chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc staraithe gairmiúla agus amaitéaracha, leabharlannaithe agus ginealeolaithe. Leagadh fógraí spriocdhírthe sna foilseacháin seo a leanas freisin: *Irish Arts Review*; *TLS (Times Literary Supplement)*; *LRB (London Review of Books)*; an iris *Irish Roots*; an iris *Senior Times*. Chomh maith leis sin, dáileadh bileoigín tiomnaithe dar teideal *'Law and the idea of liberty in Ireland: Magna Carta to the present'* i measc rannpháirtithe i gcomhdháil Chumann Staire Dlí na hÉireann i mí na Samhna. Bíonn fógraíocht ríthábhachtach maidir le foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc pobail bhunaithe agus pobail nua in Éirinn agus thar lear araon.

'Eagráin Dhigiteacha' CLÉ

Lean CLÉ le feabhas a chur ar a sheirbhís Eagrán Digiteach sa bhliain 2016. A bhfuil leis an gcomhéadan nua cuardaigh agus léitheoireachta atá i bhfeidhm, rud atá bunaithe ar fhormáid 'léigh ar líne' na Cartlainne Idirlín (<https://archive.org>), cuirfear feabhas ar eispéireas an úsáideora ar Eagráin Dhigiteacha CLÉ agus ar idirghníomhaíocht an úsáideora leis na hEagráin sin. Samhlaítear gurb amhlaidh leis an gcomhéadan nua go gcumasófar d'úsáideoirí cuardach comhuaineach a dhéanamh ar fud na n-eagrán digitithe uile de chuid CLÉ agus cuardach a dhéanamh laistigh d'eagráin aonair freisin. Cuireadh moill ar an obair sin sa bhliain 2016 mar gheall ar an ngá a bhí ann le hailtireacht shuíomh Gréasáin CLÉ a athfhorbairt. Tosófar arís ar an obair sa bhliain 2017 nuair a chuirfear suíomh Gréasáin nua CLÉ i bhfeidhm.

Measann CLÉ go bhfuil digitiú a liosta iarshaothair ina chuid dhá dhá shainchúram seirbhíse poiblí chun feabhas a chur ar rochtain agus ar fheasacht ar fhoinsí príomha lámhscríbhinne atá i gcló aige fós. Agus é ag obair laistigh de na modhanna agus de na hacmhainní atá ar fáil dó, déanann CLÉ a dhícheall úinéirí ceart na n-ábhar uile a úsáidtear ar an rannán 'Eagráin Dhigiteacha' dá shuíomh Gréasáin a fhoinsiú agus a aithint. Má chreideann aon úinéir ceart nár sainaitníodh é/í i gceart ar shuíomh Gréasáin CLÉ, nó má chreideann úinéir ceart nár urramaíodh a c(h)óipcheart go hiomlán, moltar dó/di teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost a sheoladh chuig support@irishmanuscripts.ie nó trí ghlaó a chur ar + 353 1 676 1610.

Tionscadal Leabhar Suirbhé agus Dáilte

Cuireadh tús leis an tionscadal tábhachtach seo sa bhliain 2016. I mí an Mheithimh 2015, síníodh conradh idir CLÉ agus Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun leagan digitithe inchuardaithe ar líne de na Leabhair Shuirbhéireachta agus Dháilte a sholáthar sa bhliain 2018. Tá 20 imleabhar ann sna leabhair agus tá siad á gcoinneáil i gCartlann Náisiúnta na hÉireann (tacar Oifig an Chiosa Chúitigh). Beidh an acmhainn sin ar fáil le cuardach saor in aisce d'úsáideoirí áit ar bith ar domhan. Cuirfidh sí leis an suíomh Gréasáin reatha don Down Survey (downsurvey.tcd.ie) chun rochtain a thabhairt ar 'mhórfhoinse phríomha lena mbaineann luach cruthaithe do staraithe, do ghinealeolaithe agus do shaineolaithe logainmneacha' (*Plean Forbartha Straitéisí CLÉ, 2012–2016*, lch 14). Foilseoidh CLÉ eagrán clóite il-leabhair de théacs trasscríofa na n-imleabhar lámhscríbhinne freisin.

Foilseacháin

Foilsíodh trí eagrán nua d'fhoinsí príomha le linn na bliana 2016. Foilsíodh eagrán téamach de *Analecta Hibernica* freisin.

Reform treatises on Tudor Ireland, 1537–1599

Chuir an Dr David Heffernan an leabhar seo in eagar, rud ina dtugtar 70 tráchtas a scríobh oifigigh agus páirtithe leasmhara ar 'athchóiriú' na hÉireann le chéile. Níor foilsíodh na tráchtas sin riamh agus cuirfidh siad go mór leis an díospóireacht ar an mbeartas rialtais in Éirinn sa séú haois déag.

The acts of James II's Irish parliament of 1689




Chuir John Bergin agus Andrew Lyall an leabhar seo in eagar agus is é an chéad eagrán léannta nua-aimseartha d'Achtanna Pharlaimint na hÉireann sa bhliain 1689, rud a bhí faoi cheannas ag Séamas II. Cé gur ordaíodh ina dhiaidh sin go ndéanfaí gach ceann de na 35 acht ón bparlaimint sin a chealú agus a scríosadh, is ann do théacsanna de 25 acht go fóill. Tá na hachtanna sin foilsithe sa leabhar seo. Pléitear iontu leis na hábhair seo a leanas: socrú talún; an cogadh; cánachas; an córas dlí agus an caidreamh bunreachtúil le Sasana; saoirse reiligiúnach agus deachúna; agus trádáil agus forbairt eacnamaíoch.

Analecta Hibernica, no. 47

Is eagrán speisialta é seo den sraitheachán ón gCoimisiún. Is cuid de rannchuidiú CLÉ le deich mbliana na gcuimhneachán é freisin. Foilsíodh san eagrán foinsí príomha a bhain le hÉirí Amach na bliana 1916: 'J. J. O'Connell's memoir of the Irish Volunteers, 1914–16, 1917' (arna chur i láthair ag Daithí Ó Corráin); "To tell you all about it": a letter from Mrs Marion Kelleher to family members written in the immediate aftermath of the 1916 Rising in Dublin' (arna chur i láthair ag James McGuire); "A citizen's diary": Henry Hanna's narrative of the 1916 Rebellion, with annotations by Denis Johnston' (arna chur i láthair ag W. J. McCormack); agus "My experiences in the 1916 Rising" by Father Columbus Murphy O.F.S.C., 29 July 1916' (arna chur i láthair ag Conor Mulvagh agus ag John McCafferty). Cuimsíodh san eagrán freisin an tuarascáil ón gCoimisiún chuig an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta don bhliain 2015. Ba mhaith liom ár mbuóchas a chur in iúl an athuair don Ollamh James Kelly, eagarthóir ar *Analecta Hibernica*. Thar na trí bliana déag seo a chuaigh thart, d'éirigh leis an sraitheachán seo ón gCoimisiún a sholáthar de réir sceideal rialta foilsithe.

Eoin MacNeill: memoir of a revolutionary scholar

I gcuimhní cinn Eoin Mhic Néill, a scríobhadh sna 1930idí, pléitear lena luathóige i gCo. Aontroma, lena chuid oideachais i mBaile Átha Cliath agus leis an ról a bhí aige ina dhiaidh sin sa ghluaiseacht athbheochana teanga agus sa pholaitíocht náisiúnach. Tagann na cuimhní cinn chun deiridh tamaillín tar éis na bliana 1925 nuair a d'fhill sé ar an léann. Chuir an Dr Brian Hughes an t-eagrán seo in eagar agus is cuid de rannchuidiú CLÉ le deich mbliana na gcuimhneachán é.



Pleanáil do 2017

Cé go raibh roinnt eagrán gar dá bhfoilsíú ag deireadh na bliana 2016, ní raibh siad curtha ar aghaidh lena bpriontáil go fóill. Tá na heagrán seo a leanas le foilsíú go luath sa bhliain 2017: *Calendar of State Papers Ireland, Tudor Period, 1509–1547*, arna chur in eagar ag Steven G. Ellis agus ag James Murray; *The poems of Olivia Elder (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, MS 23254)*, arna chur in eagar ag Andrew Carpenter; *1641 Depositions*, imleabhar IV, Baile Átha Cliath, arna chur in eagar go príomha ag Aidan Clarke; *Acts of the Corporation of Coleraine, 1623–1669*, arna chur in eagar ag Bríd McGrath; agus *Poema de Hibernia: a Jacobite Latin epic on the Williamite wars (Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Gilbert MS 141)*, arna chur in eagar ag Pádraig Lenihan agus ag Keith Sidwell.

Seoltaí

Bhí trí ócáid seolta ann sa bhliain 2016: i mí an Mhárta, i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag faoi seach. Cuireadh gach ceann de na trí ócáid seolta ar siúl i seomraí Chartlann Ailtireachta na hÉireann, a bhfuil CLÉ comhlonnaithe léi in uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Táimid an-bhuíoch den Chartlann as an gcúnamh agus an tacaíocht a thug sí ar na hócáidí sin.



An 3 Márta, sheol an tUas. John Larkin QC, Ard-Aighne Thuaisceart Éireann, *Early Stuart Irish warrants, 1623–1639*, arna chur in eagar ag an Dr Mark Empey, agus *The acts of James II's Irish parliament of 1689*, arna chur in eagar ag an Dr John Bergin agus ag an Dr Andrew Lyall. Foilsíodh an t-eagrán ón Dr Empey den chéad uair ag deireadh na bliana 2015 agus luadh é i dTuarascáil an Chathaoirleach don bhliain 2015. B'oiriúnach an rud é gur ceiliúradh an saothar ar an ócáid sin. D'éist an lucht féachana, daoine de na breithiúna ina measc, leis an Uas. Larkin agus é ag moladh na hoibre léannta a chuir gach duine den triúr eagarthóirí isteach chun na téacsanna a thabhairt i gcló. Agus é ag baint leas as focail ó iarmheantóir dlí dá chuid, leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé reachtanna a léamh nuair atáthar ag léirmhíniú an dlí agus chuir sé síos ar an dóigh a gcuirfeadh na heagrán nua leis an tuiscint atá againn ar fheidhmiú an dlí sa seachtú haois déag. Ghabh an Dr Empey agus an Dr Bergin buíochas leis an Uas. Larkin as a chuid tuairimí ar a n-eagrán agus labhair siad faoi bhunús a saothair faoi seach agus faoin aistear a ndeachaigh siad ina bhun chun iad a fhoilsíú. Ní raibh an Dr Lyall in ann freastal ar an ócáid.



An 12 Deireadh Fómhair, sheol an Seanadóir Michael McDowell SC dhá eagrán a foilsíodh mar chuid de rannchuidiú CLÉ le deich mbliana na gcuimhneachán, ba iad sin: *Eoin MacNeill: memoir of a revolutionary scholar*, arna chur in eagar ag an Dr Brian Hughes, agus *Analecta Hibernica*, uimh. 47, arna chur in eagar ag an Ollamh James Kelly. Agus é ag seoladh chuimhní cinn Mhic Néill, rinne an Seanadóir McDowell, ar garmhac le Mac Néill é, comhghairdeas leis an údar faoin gcúram léannta a ghlac sé le linn an saothar a chur in eagar. Chuir Eoin Mac Néill na cuimhní cinn le chéile i gcéimeanna difriúla i dtús na 1930idí tar éis dá theaghlach é a spreagadh cuntas ar a shaol a chur ar taifead. Mhol an teaghlach dó plé ar leith a dhéanamh ar na himeachtaí poiblí ar ghlac sé páirt iontu. Thug an Seanadóir McDowell faoi deara na sonraí spéisiúla is féidir a bhaint as an saothar a léamh go cúramach. Ina dhiaidh sin, sheol sé an saothar *Analecta Hibernica*, uimh. 47, arna chur in eagar ag an Ollamh James Kelly. Mhol an Seanadóir an t-údar ar an gcúram a ghlac sé le linn dó na doiciméid atá foilsithe san eagrán a chur le chéile agus a chur in eagar. San óráid uaidh, ghabh an Dr Hughes buíochas leis an Dr Deirdre McMahon, meantóir dá chuid ó CLÉ, agus thug sé faoi deara go raibh an t-eagrán seo ó CLÉ dílis do na cuimhní cinn mar a scríobh Mac Néill iad – a deachtaíodh ó chuimhne gan dul i muinín nótaí ná páipéar.

An 15 Nollaig 2016, sheol an tOllamh Thomas Bartlett *Reform treatises on Tudor Ireland, 1537–1599* arna fhoilsiú ag an Dr David Heffernan le déanaí. Chomh maith leis sin, cheiliúir an tOllamh an saothar *Campaign journals of the Elizabethan Irish wars* ón Dr David Edwards, rud a bhí ar fáil ó thús na bliana 2015 ach nár seoladh go foirmiúil tráth a fhoilsithe. Labhair an tOllamh Bartlett go croíúil faoin dá eagrán. Tá *Campaign journals* ón Dr Edwards ina shaothar sárdhiola de chuid CLÉ cheana féin.

Airgeadas

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe seo, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don chistiú a fuair CLÉ ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (ar ar tugadh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta suas go mí na Bealtaine 2016) sa bhliain 2016. Ní bheadh CLÉ an sainchúram atá air a chomhlíonadh gan an deontas a fhaigheann sé ón Roinn. Is é an cistiú bliantúil sin an bonn faoi chlár foilsithe CLÉ.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun ómós a thabhairt do na comhaltaí den Aonad Foras Cultúir a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne sa bhliain 2016, go háirithe Mary Nash Uas., an tUas. John Kennedy, Sharon Barry Uas., Orlaith Gleeson Uas. agus an tUas. Colm Lundberg. Táimid ag tnúth le leanúint de bheith ag obair leis an Roinn chun an sainchúram atá ar CLÉ mar fhoilsitheoir foinsí príomha ar stair agus ar chultúr na hÉireann a chomhlíonadh agus chun cur leis an ról atá ag CLÉ mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachta cultúrtha agus an mórfhobal taighdeoirí ar na daonnachtaí.

Conclúid

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt don obair atá déanta ag an Dr Cathy Hayes, riarthóir an Choimisiúin, agus don tiomantas atá léirithe aici ní amháin sa bhliain 2016 ach ó ceapadh í den chéad uair sa bhliain 2006.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aird a tharraingt ar rud atá scríofa agam i dtuarascálacha roimhe seo, is é sin: ní fhaigheann comhaltaí CLÉ aon luach saothair i leith an rannchuidithe riachtanaigh a dhéanann siad, ar rannchuidiú é a chuireann ar chumas an Choimisiúin an sainchúram atá air a chomhlíonadh. Tá an traidisiún seirbhíse sin don léann agus don stát araon á choinneáil ar bun ó bunaíodh an Coimisiúin sa bhliain 1928.

James McGuire
Cathaoirleach
Feabhra 2017



Eolas ar an gCuideachta



Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Nicholas Patrick Canny
Sandra Collins
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
Greta Jones
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
John McDonough
Deirdre McMahon
Donal Moore
Thomas O'Connor
Dáibhí Ó Cróinín
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Maggie Smith (a chuaigh ar scor i mí Aibreáin 2016)
Michael Willis (a ceapadh i mí na Samhna 2016)

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Cláráithe Cuideachta

414351

Uimhir Cláráithe Carthanais

CHY 17206

Oifig Chláráithe agus Seoladh Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúcháirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
39 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí



Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 i láthair.

Tuarascáil na Stiúrthóirí chuig comhaltaí *Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Toeranta*

Príomhghníomhaíocht, athbheithniú gnó agus forbairt sa todhchaí

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus chuir sí tús le gníomhaíochtaí ar an dáta sin.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann foinsí príomha lámhscríbhinní do stair agus cultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní fhoilseofaí na foinsí sin ar shlí eile mar nach bhfuil siad inmhathana ó thaobh na tráchtála de ar chor ar bith. Mar chomhlacht poiblí, gníomhaíonn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, i dtaca le hábhair a bhaineann le foinsí príomha go ginearálta agus cuireann sé feachtas an phobail agus na n-institiúidí ar a thábhachtaí atá na foinsí sin chun cinn.

Athbheithniú gnó

I mí Mheán Fómhair 2011, ghlac Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann Plean Forbartha Straitéisí don tréimhse 2012 go 2016. Tugadh breac-chuntas sa phlean ar straitéisí nua le haghaidh fis Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a bhaint amach, is é sin, feachtas agus rochtain a chur chun cinn ar ábhair foinsí príomha i dtaca le stair, cultúir agus oidhreacht na hÉireann. Athdhearbhaíodh sa phlean na tosaíochtaí straitéiseacha de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann atá bunaithe orthu seo: feachtas agus rochtain ar fhoinsí príomha a fheabhsú; leanúint de ghníomhú mar chomhairleoir saineolaíoch ar shaincheistanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus foinsí príomha go ginearálta; agus a liosta iarshaothair atá i gcló a dhigitiú le linn freastal ar chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha arna gcruthú.

Forbairt sa todhchaí

Mar atá leagtha amach sa Plean Forbartha Straitéisí, leanfaidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ar aghaidh ag leithdháileadh a chuid acmhainní ar fhoinsí príomha lámhscríbhinní a fhoilsiú. Ina theannta sin, leanfaidh sé ar aghaidh ag cur chaomhnú na bhfoinsí príomha ó gach ré chun cinn agus go háirithe ag méadú fheachtas an phobail ar an ngá atá le páipéir agus comhfhreagras na linne seo a chaomhnú trí obair a Choiste Feachtas um Chaomhnú agus Rochtain. Is amhlaidh san am atá le teacht go mbeidh na taifid sin ar na foinsí príomha a mbainfidh stairithe atá ag déileáil leis an aonú haois is fiche leas astu. Ar aon dul lena shainchúram seirbhíse poiblí, bainfidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann úsáid as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha dá liosta iarshaothair atá i gcló a chur ar fáil trína shuíomh Gréasáin agus trí thairseacha oidhreachta cultúrtha oiriúnacha de chuid na tíre seo agus de chuid na hEorpa. Déanfar foilseacháin de chuid Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann nach bhfuil i gcló a thuilleadh a chur ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí in Éirinn agus níos faide anonn.

Torthaí

B'ionann an t-easnamh don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas agus €46,785 (2015 – easnamh €264,199).

Taighde agus forbairt

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha sa bhliain.

Staid cúrsaí

Is é tuairim na Stiúrthóirí gur sásúil atá staid gnóthaí na cuideachta agus nár tháinig aon athrú ábhartha chun cinn ó dháta an chláir chomhardaithe i leith.

Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a leasanna

Ba iad seo na Stiúrthóirí agus an Rúnaí a bhí i mbun oibre le linn na bliana:

Stiúrthóirí:

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Nicholas Patrick Canny
Sandra Collins
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
Greta Jones
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
John McDonough
Deirdre McMahan
Donal Moore
Thomas O'Connor
Dáibhí Ó Cróinín
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Maggie Smith
Michael Willis

Rúnaí Cuideachta:

Cathy Hayes

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tugann gach comhalta den chuideachta gealltanais go ndéanfaid siad ranníocaíocht le hacmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfaí í a fhoirceannadh agus é/í ina c(h) omhalta di nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di éirí as a bheith ina c(h) omhalta di, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta a tabhaíodh sula n-éiríonn sé/sí as bheith ina c(h)omhalta, agus as na costais, na muirir agus na speansais a bhaineann le foirceannadh agus as coigeartú chearta na rannpháirtithe eatarthu féin, mar cibé suim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach sáraíonn aon Euro amháin.

Beidh gach Stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cúig bliana agus beidh sé/sí incháilithe lena (h)athcheapadh ina dhiaidh sin. Is ar bhonn deonach a fhónann na Stiúrthóirí go léir.

Ranníocaíochtaí polaitíochta

Níor thug an chuideachta aon síntiúis pholaitíochta sa bhliain.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán atá i bhfeidhm in Éirinn.

Le dlí na gcuideachtaí atá i bhfeidhm in Éirinn, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus leis an gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn' arna fhógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amháil dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó cailteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go bhfuil siad ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;

- a lua cé acu a ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme nó nár ullmhaíodh, na caighdeáin sin a aithint, agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus na cúiseanna leis an imeacht/na himeachtaí sin, a thabhairt dá n-aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé cuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcinntíonn an chuideachta go gcoinnítear, leabhair chuntasaíochta leordhóthanacha lena mínítear agus lena dtaifeadtar idirbhearta na cuideachta i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a dhearbhu le cruinneas réasúnta tráth ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus lena gcumasaítear iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaíoch agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Na leabhair chuntais

Is iad na bearta a rinne na Stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh cheanglais ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme le haghaidh idirbhearta a thaifeadadh, pearsanra inniúil cuntasafóchta a bhfuil saineolas cuí aige a fhostú agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhríosaí agus neamhchinnteachtaí

Is iad na príomhríosaí agus na neamhchinnteachtaí a bhfuil tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an togra 2008-11 chun Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a chónascadh leis an Leabharlann Náisiúnta. Tá buiséad bliantúil faighte ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann go dtí seo lena cuireadh ar a chumas a phríomh-shainchúram, mar atá foilsíú, a chomhlíonadh. Mar sin féin, is féidir linn a fheiceáil ón gcor chun donais eacnamaíoch a tháinig aníos sa bhliain 2008 go mbíonn riosca ann nach gcuirfeadh cistiú leordhóthanach ar fáil i gcónaí. I láthair na huaire, níltear cinnte cé acu a chuirfeadh cónascadh beartaithe Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann isteach i struchtúr níos mó ar an gclár oibre an athair agus cén tionchar a bheidh aige ar a oibriú, cé go gcreidtear go leanfar de ról Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsíú foinsí príomha lámhscríbhinní sna socruithe nua.

Ráiteas faoi fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta

Dheimhnigh gach duine díobh sin a bhí ina Stiúrthóirí nuair a faomhadh Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta ann, de réir eolas an stiúrthóra, nach bhfuil Iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas fúithi, agus
- go ndearna an stiúrthóir gach ceann de na bearta ba ghá a dhéanamh mar stiúrthóir chun eolas a ghnóthú ar aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta agus chun a dheimhniú go bhfuil Iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Iniúcháirí

De réir alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, chuir na hIniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh i mbun oifige.

Thar ceann an Bhoird

James Ivan McGuire

Stiúrthóir

24 Feabhra 2017

Michael Kennedy

Stiúrthóir

24 Feabhra 2017

Tuarascáil Neamhspleách na nIníúcháirí



Tuarascáil Neamhspleácha na nIniúcháirí chuig comhaltaí Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Cateachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Athruithe i gCistí, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, na nótaí gaolmhara agus na beartais chuntasaíochta. Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 - 'an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn' arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin mar chomhlacht a dhéantar an tuarascáil seo, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúcháireachta i dtreo is go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill na cuideachta na hábhair a iarrtar orainn a shonrú dóibh i dtuarascáil an iniúcháora agus ní d'aon aidhm eile. Chomh hiomlán is atá ceadaithe ag an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht d'aon duine, seachas an cuideachta agus baill na cuideachta, mar chomhlacht as ár gcuid obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá bainte amach againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí faoi seach

Mar a mhínítear níos mine sa ráiteas faoi fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 16, tá na Stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu agus go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí 2014 ar shlí eile. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl orthu de réir dhlí na hÉireann agus de réir Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear leis na caighdeáin sin orainn na Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta a chomhlíonadh.

Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chialais nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú ar: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na cuideachta agus cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasta agus cé acu a nochtadh nó nár nochtadh iad go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne na Stiúrthóirí; agus cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad i dtuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis is cosúil a bheith mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a ghnóthaíomar agus an t-iniúchadh á dhéanamh nó atá neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an eolas sin a shainaithint. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíríteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnaímid ar na himpleachtaí a bheidh i gceist dár dtuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amháin an 31 Nollaig 2016 agus ar a heasnamh don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmháodh na ráitis airgeadais i gceart de réir an chreata tuairiscithe airgeadais chuig agus de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014 go háirithe.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú de réir Acht na gCuideachtaí 2014

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach d'aidhmeanna ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí heisceacht

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na bhforálacha d'Acht na gCuideachtaí 2014 lena gceanglaítear orainn tuairisciú daoibh má tharlaíonn sé, inár dtuairim, nach ndearnadh an nochtadh i leith luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht.

**84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4**

Dáta: 1 Márta 2017

**Liam McQuaid
Ar son agus thar ceann
Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe**

**Cuntais
Iniúchta**



CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

		Oibríochtaí leanúnacha	
		2016	2016
	Nótaí	€	€
Ioncam – Díolacháin leabhair	4	17,205	21,442
Ríchíosanna		2,173	2,218
Costas Díolacháin Tionscadail		(56,123)	(43,441)
(Easnamh) oibríúcháin		(36,745)	(19,781)
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG)	5		
- Deontas Bliantúil		181,680	177,500
- Commentarius		11,709	5,413
Ioncam ilghnéitheach		1,003	1,132
Seirbhísí cíosa neamhairgid a bronnadh		33,453	
Muirear cíosa neamhairgid		(33,453)	—
Deontas um Uachtanna Sainphribhléide		—	286
Costais riaracháin		(73,824)	(71,152)
Costais Eagarthóireachta agus Foilsithe		(72,690)	(81,142)
Costais Oifige		(34,822)	(33,025)
Cistiú do Thionscadail Speisialta		(23,147)	(243,500)
(Easnamh) don bhliain	6	(46,836)	(264,269)
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil		51	70
Glanioncam/(Glancaiteachas) don bhliain	16	(46,785)	(264,199)

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann seachas an Glanioncam/(Glancaiteachas) don dá bhliain airgeadais thuas.

CLÁR COMHARDAITHE
Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2016

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
 Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta nach bhfuil Scairchaipiteal aici

	Nótaí	2016 €	2015 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inlámhsithe	8	12,426	12,325
Sócmhainní Reatha			
Stoic	10	25,994	30,942
Féichiúnaithe	11	13,955	8,471
Airgead sa bhanc agus ar láimh	12	<u>205,553</u>	<u>277,233</u>
		<u>245,502</u>	<u>316,646</u>
Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh			
dlite laistigh de bhliain amháin	13	(9,142)	(21,691)
Ioncam iarchurtha	14	<u>(12,576)</u>	<u>(24,285)</u>
		<u>(21,718)</u>	<u>(45,976)</u>
Glansócmhainní Reatha		<u>223,784</u>	<u>270,670</u>
Iomlán na Sócmhainní líide Dliteanais Reatha		<u>236,210</u>	<u>282,995</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Ranníocaíocht Chaipitil	16, 18	154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	16	<u>81,379</u>	<u>128,164</u>
Cistí	17	<u>236,210</u>	<u>282,995</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 24 Feabhra 2017 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
 Stiúrthóir

Michael Kennedy
 Stiúrthóir

RÁITEAS AR ATHRUITHE I nGNÁTHSCAIREANNA

Ráiteas ar Athruithe i nGnáthscaireanna don Bhliain Airgeadais

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Cothromas Iomlán
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2016	128,164	154,831	282,995
Cailteanas don bhliain	(46,785)	—	(46,785)
Ag an 31 Nollaig 2016	<u>81,379</u>	<u>154,831</u>	<u>236,210</u>

I leith na bliana roimhe:

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Cothromas Iomlán
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2015	392,363	154,831	547,194
Cailteanas don bhliain	(264,199)	—	(264,199)
Ag an 31 Nollaig 2015	<u>128,164</u>	<u>154,831</u>	<u>282,995</u>

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

	2016	2015
	€	€
Réiteach an (easnamh)/bharrachais oibriúcháin leis an sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Easnamh don bhliain	(46,836)	(264,269)
Dímheas	3,127	1,074
Laghdú/(méadú) i stoic	4,948	(24,349)
(Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe	(5,484)	1,740
(Laghdú)/méadú i gcreidiúnaithe	(12,549)	7,899
Ioncam iarchurtha	<u>(11,789)</u>	<u>(5,699)</u>
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(68,503)</u>	<u>(283,604)</u>
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid		
(Eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>(68,503)</u>	<u>(283,604)</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ús a fuarthas	51	70
Caiteachas caipitil	<u>(3,228)</u>	<u>—</u>
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	<u>(3,177)</u>	<u>70</u>
Sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin	<u>—</u>	<u>—</u>
(Glanlaghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim sa bhliain	<u>(71,680)</u>	<u>(283,534)</u>
Réiteach sreafa ghlain airgid le gluaiseacht i nglanfhiachas		
(Laghdú) in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim sa bhliain	(71,680)	(283,534)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		
ag an 1 Eanáir 2016	12	<u>277,233</u>
ag an 31 Nollaig 2016	12	<u>205,553</u>
ag an 1 Eanáir 2015		<u>560,767</u>
ag an 31 Nollaig 2015		<u>277,233</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016

1. Faisnéis ghinearálta

Is ionann agus ráitis airgeadais aonair Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2016 na ráitis airgeadais seo, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Athruithe i gCistí, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Ráiteas ar chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102 - 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' (FRS 102).

2. Beartais chuntasaíochta

2.1. Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 agus reachtanna Éireannacha a chuimsíonn Acht na gCuideachtaí 2014. Is iad na Caighdeáin Chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú lena dtugtar léargas fírinneach cóir ná iad siúd arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

2.2. Ioncam

Luaitear ioncam glan ó lascainí trádála agus lacáistí méide agus tagann sé ó dhíolachán leabhar atá laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ar dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an cuideachta na rioscaí suntasacha agus na luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht na n-earraí, rud a tharlaíonn de ghnáth nuair a dhéantar na leabhair a sheachadadh go fisiceach chuig an gceannaitheoir.

2.3. Ionstraimí airgeadais

Ní aithnítear sócmhainn airgeadais ná dliteanas airgeadais ach tar éis don cuideachta éirí ina páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime.

Ní théann an cuideachta isteach ach in idirbhearta bunúsacha ionstraimí airgeadais a bhfuil de thoradh orthu go n-aithnítear sócmhainní agus dliteanas airgeadais amhail cuntais trádála agus cuntais infhála agus iníochta eile.

Déantar ionstraimí fiachais amhail cuntais infhála agus iníochta a thomhas i dtús ag luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí agus ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh. Is ag suim neamhslasainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a meastar go n-íocfar nó go bhfaighfear é/í a thomhaistear ionstraimí fiachais atá iníochta nó infhaighte laistigh de bhliain amháin i dtús nó ina dhiaidh sin. Is suimeanna iníochta trádála agus suimeanna infhaighte trádála iad de ghnáth.

Cuimsíonn airgead tirim airgead tirim ar lámh agus taiscí prapéilimh. Cuimsíonn coibhéisí airgid thirim infheistíochtaí gearrthéarmacha ríleachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh ina suimeanna aitheanta airgid thirim lena mbaíneann riosca neamhshuntasach go n-athrófar a luach.

2.4. Ainm na cuideachta

Fuair an cuideachta ceadú faoi alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 na focail 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' a fhágáil amach as a hainm.

2.5. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Soláthraítear dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun an costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol ionchais úsáideach ar bhonn líne díri mar seo a leanas:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí – 20%.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a thaifeadh i dtús ag an gcostas stairiúil. Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnaithe i dtréimhsí i gcás ina dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach anonn in-aisghabhála.

2.6. Stoc

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na Stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

2.7. Pinsin

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíocht a bhí iníoctha ag an gcuideachta le cuntas coigiltis scoir pearsanta (PRSA) sa bhliain. Is bunaithe ar chéatadán seasmhach tuillimh atá an costas a bhaineann le ranníocaíocht a dhéanamh le scéim coigiltis phinsean phearsanta agus muirearaítear é chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol seirbhíse an fhostaí.

2.8. Seirbhísí cíosa

Tá cead ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann an foirgneamh ag 45 Cearnóg Mhuirfean a úsáid. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís bhronnta a sholáthraítear don chuideachta í sin, measann na Stiúrthóirí go bhfuil sé riachtanach an tseirbhís bhronnta a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Chuir siad muirear comhfhreagrach cíosa ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin. Muirearaítear an cíos ag luach margaidh an mhargaidh chíosa i mBaile Átha Cliath 2 le haghaidh maoin den mhéid chéanna.

2.9. Cánachas

Tá an chuideachta díolmhaithe ó cháin de bharr a stádaís charthanais. (Uimhir cánach carthanais: 17206)

2.10. Deontais rialtais

Aithnítear deontais trí mhúnla na bhfabhrúithe a úsáid i gcás ina bhfuil dearbhú réasúnach ann go bhfaighfean an deontas agus go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir atá ina gceangal. Scaoiltear deontais le haghaidh caiteachas caipítíl chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol ionchais úsáideach na sócmhainní. Scaoiltear deontais le haghaidh caiteachas ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

3. Breithiúnais agus príomhfhoinní na neamhchinnteachta meastacháin

Measann na Stiúrthóirí gurb ionann na meastacháin agus toimhdí cuntasáíochta thíos agus a gcuid meastachán agus breithiúnas cuntasáíochta:

Gnóthas leantach

Measann na Stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna anonn agus ar aicmiú na sócmhainní agus na ndliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Luacháil stoic

Luacháiltear stoic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur sa chéad dá bhliain tar éis a dháta foilsithe a dhíoltar formhór na gcóipeanna de leabhar, tá na Stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar stoic mhallghluaisteacha nó stoic as feidhm.

Bronntanais seirbhíse cíosa

Luacháiltear bronnadh úsáid an fhoirgnimh ag an luach margaidh a bhaineann le maoin den chineál céanna a fháil ar cíos sa cheantar céanna.

4. Ioncam

Tagann ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht a dhéantar go hiomlán in Éirinn.

5. Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

	2016	2015
	€	€
Deontas Bliantúil	181,680	177,500
Commentarius	11,709	5,413
	<u>193,389</u>	<u>182,913</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann le deontais rialtais a fhaightear a aisíoc i gcás nach n-úsáidtear an deontas chun na críche a tugadh é.

6. Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain

	2016	2015
	€	€
Luaitear an Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain tar éis é seo a mhuirearú:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	3,127	1,074

7. Fostaithe

Líon Fostaithe

Ba iad seo na meánlíonta fostaithe a bhí ann sa bhliain:

	2016	2015
	Líon	Líon
Líon fostaithe	1	1

Déantar na costais foirne a anailísiú sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2016	2015
	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	85,956	79,182
Pinsean	5,995	5,995
Costais leasa shóisialaigh (lena n-áirítear cúnamh riaracháin)	8,732	8,079
	100,683	93,256

8. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin agus feistis	Iomlán
Costas	€	€
Ag an 1 Eanáir 2016	44,918	44,918
Breiseanna	3,228	3,228
Ag an 31 Nollaig 2016	48,146	48,146

Dímheas

Ag an 1 Eanáir 2016	32,593	32,593
Muirear don bhliain	3,127	3,127
Ag an 31 Nollaig 2016	35,720	35,720

Glanluachanna leabhar

Ag an 31 Nollaig 2016	12,426	12,426
Ag an 31 Nollaig 2015	12,325	12,325

I leith na bliana roimhe:

	Daingneáin agus feistis	Iomlán
Costas	€	€
Ag an 1 Eanáir 2015	44,918	44,918
Breiseanna	—	—
Ag an 31 Nollaig 2015	44,918	44,918

Dímheas	2016	2015
	€	€
Ag an 1 Eanáir 2015	31,519	31,519
Muirear don bhliain	<u>1,074</u>	<u>1,074</u>
Ag an 31 Nollaig 2015	<u>32,593</u>	<u>32,593</u>
Glanluachanna leabhar		
Ag an 31 Nollaig 2015	<u>12,325</u>	<u>12,325</u>
Ag an 31 Nollaig 2014	<u>13,399</u>	<u>13,399</u>

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann troscán agus trealamh oifige eile ab fhiú luach measta €48,710 uirthi. Aithnítear na sócmhainní sin sna breiseanna thuas ar luach ainmniúil €1.

9. Costais phinsin

B'ionann costais phinsin agus €5,995 (2015 – €5,995).

10. Stoic

	2016	2015
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	<u>25,994</u>	<u>30,942</u>

Luacháladh stóic leabhair ar a gcostas nó a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

11. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2016	2015
	€	€
Réamhfócaíochtaí agus ioncam fabhráithe	<u>13,955</u>	<u>8,471</u>

12. Airgead sa bhanc agus ar láimh

	2016	2015
	€	€
Cuntas Reatha	95,567	110,132
Cuntas Taisce	—	45,875
Cuntas Taisce - Tionscadail Speisialta	98,045	121,189
Cuntas Taisce - Ioncam Neamhdheontais	11,888	—
Mionairgead	<u>53</u>	<u>37</u>
	<u>205,553</u>	<u>277,233</u>

13. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2016	2015
	€	€
Cánacha eile agus costais leasa shóisialaigh – ÍMAT/ÁSPC	(4)	8,021
Fabhruithe	9,146	13,670
	<u>9,142</u>	<u>21,691</u>

14. Ioncam iarchurtha

	2016	2015
	€	€
Deontais Rialtais		
Ag an 1 Eanáir 2016	24,285	29,984
A scaoileadh sa bhliain	(11,709)	(5,699)
Ag an 31 Nollaig 2016	<u>12,576</u>	<u>24,285</u>

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead a fuarthas i dtaca le tionscadal Commentarius. Níor cuireadh an tionscadal sin i gcrích faoi dheireadh na bliana.

15. Ionstraimí airgeadais

	2016	2015
	€	€
Sócmhainní airgeadais		
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad a thomhaistear ag an gcostas amúchta	13,955	8,471
	<u>13,955</u>	<u>8,471</u>
Dliteanais airgeadais		
Dliteanais airgeadais a thomhaistear ag an gcostas amúchta	(21,722)	(37,955)
	<u>(21,722)</u>	<u>(37,955)</u>

Cuimsítear réamhíocaíochtaí i sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an gcostas amúchta.

Cuimsítear fabhruithe agus ioncam iarchurtha i ndliteanais airgeadais a thomhaistear ag an gcostas amúchta.

16. Cúlchistí

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitil	Iomlán
	€	€	€
Ag an 1 Eanáir 2016	128,164	154,831	282,995
Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	(46,785)	—	(46,785)
Ag an 31 Nollaig 2016	<u>81,379</u>	<u>154,831</u>	<u>236,210</u>

17. Réiteach ar gluaiseachtaí i gcistí

	2016	2015
	€	€
Glanioncam/(Glanchaiteachas) don bhliain	(46,785)	(264,199)
Cistí tosaigh na gcomhaltaí	282,995	547,194
	<u>236,210</u>	<u>282,995</u>

18. Ranníocaíocht chaipitil

Corpraíodh an chuideachta an 24 Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim ab fhiú €130,731 agus stoc leabhar ab fhiú €24,100 uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh oifige eile freisin agus cuireadh ar áireamh iad sna ráitis airgeadais ag luach ainmniúil €1. Is ionann é sin agus ranníocaíocht chaipitil iomlán is fiú €154,831.

19. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Aisíoctar le Stiúrthóirí aon speansais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeadh aon chíos le híoc as an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102, aithníodh luach margaidh €33,453, lúide costas €33,453, sna ráitis airgeadais don bhliain 2015 agus don bhliain 2016 mar sheirbhís bhronnta neamh-mhalartaithe.

20. Cúiteamh do phríomhphearsanra lucht bainistíochta

Níor íocadh cúiteamh ar bith le príomhphearsanra lucht bainistíochta sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016.

21. Páirtí rialaithe deiridh

Tá an chuideachta á rialú ag a Comhaltaí agus ag an mBord Stiúrthóirí.

22. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 24 Feabhra 2017 agus bhí siad sínithe thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Michael Kennedy
Stiúrthóir

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE HéIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2016

Forb breathnú ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2016

Comhroinneann Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann cóiríocht le Cartlann Ailtireachta na hÉireann ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar dheighilt 20:80 idir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann:Cartlann Ailtireachta na hÉireann ar bhunús áitiú an spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilse agus cumhacht (arna soláthar ag SSE Airtricity) agus seirbhísí uisce (Uisce Éireann).

Sa bhliain 2016, d'úsáid Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 43.6 MWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo:

- 18.2 MWh de leictreachas (20% d'úsáid an fhoirgnimh iomláin, arb ionann í agus 91.0 MWh)
- 25.4 MWh de bhreoslaí iontaise (mar ghás nádúrtha) (20% d'úsáid an fhoirgnimh iomláin, arb ionann í agus 127.0 MWh)
- is as foinsí in-athnuaite atá 18.2 MWh (100%) den leictreachas arna úsáid.¹

Déantar muirir uisce a ríomh de réir cóimheas 20:80 freisin. Sa bhliain 2016, úsáideadh 643 mhéadar chiúbacha d'uisce *san fhoirgneamh ar fad*.

Feidhmíocht fuinnimh

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus oibríonn an oifig de réir a héifeachtúlachta uasta ó thaobh úsáid fuinnimh de laistigh de na srianta a bhaineann le foirgneamh Seoirseach athchóirithe a áitiú.

¹ Nochtadh Mheascán Breosla SSE Airtricity: Eanáir 2015 go Nollaig 2015; is as foinsí in-athnuaite atá 100% den leictreachas arna sholáthar ag SSE Airtricity (i bhfaisnéis bhilleála Airtricity, 18/11/16).